**RABHADH**

**CAITHFEAR an Páipéar Ceisteanna seo a thabhairt ar ais le do leabhar freagraí ag deireadh an scrúdaithe – nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2003**

# GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

(400 marc)

DÉ CÉADAOIN 11 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 A.M. – 12.00 MEÁNLAE

**FREAGAIR**

**(A) <u>Deich</u> gceist as Roinn 1 AGUS**

**(B) <u>Ceithre</u> cheist as Roinn 2 mar a leanas:**

**Ceist <u>amháin</u> as Cuid 1 AGUS**
**<u>Dhá</u> cheist as Cuid 2 AGUS**
**<u>Ceist amháin eile</u> as**
**Cuid 1 nó Cuid 2.**

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

**Tabhair faoi deara dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN LEABHAR FREAGRAÍ INA MBEIDH NA FREAGRAÍ**

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**Scrúdú na hArdteistiméireachta 2003**
**Gnó – Gnáthleibhéal**

# ROINN 1 – CEISTEANNA FREAGRAÍ GEARRA

**(100 marc)**

**Freagair <u>10</u> gceist. Tá 10 marc ag dul do gach ceist. Cuir an Páipéar Ceisteanna seo ar ais le do thoil in éineacht le do leabhar freagraí.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? *(Scríobh gach freagra go hiomlán sa spás cuí thíos)*.

| | |
|---|---|
| **(i)** | CBL (VAT) |
| **(ii)** | ASPC (PRSI) |
| **(iii)** | BAD (HRM) |

**2.** Liostaigh **<u>trí</u>** cháilíocht atá ag bainisteoirí.

**3.** Rianaigh an ról atá ag infheisteoirí i gcúrsaí gnó agus luaigh **<u>dhá</u>** shampla d'infheisteoirí.

**4.** Cad a chiallaíonn Staidéar Féidearthachta:

**5.** Liosta téarmaí árachais is ea Colún 1.
Liosta míniúchán a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí sin is ea Colún 2. Meaitseáil an dá liosta tríd an litir ar an téarma ceart a chur faoin uimhir chuí thíos. Níl aon mheaitseáil ar mhíniúchán amháin

| | **Colún 1 Téarmaí** | | **Colún 2 Míniúcháin** |
|---|---|---|---|
| 1 | Leas Inárachais | A | Ní mór don árachaí na fíricí ábhartha go léir a thabhairt don árachóir. |
| 2 | Préimh | B | Tar éis cúiteamh a íoc, aistríonn cearta an árachaí go dtí an comhlacht árachais. |
| 3 | Ranníocaíocht | C | Tá feidhm leis seo nuair atá tearc-árachas ar mhaoin. |
| 4 | Foráil chaillroinnte | D | Ní mór don árachaí leas airgeadais a bheith aige san earra atá faoi árachas. |
| 5 | Seachaíocht | E | An costas bliantúil ar chumhdach árachais. |
| 6 | Meon lánmhaith | F | Tá feidhm leis seo nuair a chumhdaíonn dhá árachóir nó breis riosca árachais. |
| | | G | Ní féidir brabús a dhéanamh ar éileamh árachais. |

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. |
|---|---|---|---|---|---|
| D | | | | | |

**6.** Mínigh an téarma Infhiontraí agus léirigh do fhreagra le sampla.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**7.** Tarraing graf líne chun an t-eolas seo a leanas a léiriú.: do GHK Teo

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Bliain | 1998 | 1999 | 2000 | 2001 | 2002 |
| Díolacháin | 100,000 | 130,000 | 140,000 | 160,000 | 150,000 |




**8.** Is é a chiallaíonn tarmligean ná

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Tabhair sampla den tarmligean.

______________________________________________

______________________________________________

**9.** Mínigh an chiall atá le Comhlacht Trasnáisiúnta agus luaigh míbhuntáiste amháin a bhaineann le Comhlachtaí Trasnáisiúnta do gheilleagar na hÉireann.

Is é is Comhlacht Trasnáisiúnta ann ná

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Míbhuntáiste ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**10.** Maidir le cánachas, rianaigh cad chuige na foirmeacha seo a leanas.

P45 ______________________________________________

______________________________________________

P60 ______________________________________________

______________________________________________

**11.** Rianaigh **trí** bhacainn atá ar chumarsáid éifeachtach.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**12.** Déan idirdhealú idir Pleanáil Straitéiseach agus Pleanáil Oirbheartaíochta.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**13.** Rianaigh an tábhacht a bhaineann le Rialú Cáilíochta do ghnó.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**14.** Mínigh an téarma 'Caipiteal Cothromais'. ______________________________________________

______________________________________________

**15.** Tá ceithre Thoisc Táirgeachta ann.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. TALAMH | 2. SAOTHAR | 3. ? | 4. ? |

Ainmnigh an tríú agus an ceathrú toisc.

3. ______________________________

4. ______________________________

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ**

## ROINN 2 (300 marc)

**Freagair ceithre cheist as Roinn 2 mar a leanas:**
**Ceist amháin as Cuid 1 agus**
**Dhá cheist as Cuid 2 agus**
**Ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**

## Cuid 1

### Daoine i nGnó

### Ceist 1

*Léigh an t-eolas a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

*Cheannaigh Máirtín Ó Riain bothán adhmaid don ngairdín ó Ghairdíní Glasa Teo ar €900. Seachtain ina dhiaidh sin thug Máirtín faoi deara nach ndúnfadh an doras i gceart agus gur scaoil an díon uisce isteach nuair a bhí sé ag cur fearthainne. Chuir sé glaoch teileafóin ar Ghairdíní Glasa Teo. chun gearán a dhéanamh mar gheall ar an mbothán.*

**1.** **(A)** Ainmnigh an dlí a thugann cosaint don tomhaltóir sa chás seo. (10 marc)

**(B)** Rianaigh bealach **amháin** chun an fhadhb thuas a réiteach. (10 marc)

**(C)** Mínigh na cearta dlíthiúla atá ag Máirtín agus na dualgais atá ar Ghairdíní Glasa Teo. (20 marc)

*An tAcht um Dhífhostú Éagórach 1977-1993 - Tugann sé cosaint d'oibrithe ar dhífhostú éagórach.*

**(D)** Liostaigh **dhá** chúis atá le dífhostú cóir agus **dhá** chúis atá le dífhostú éagórach faoin Acht seo. (20 marc)

**(E)** Déan cur síos ar ról Choimisinéir Cearta. (15 marc)

**(75 marc)**

### Timpeallacht Intíre

### Ceist 2

*Léigh an t-eolas a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

*Tá Seán Ó Raghallaigh ag cuimhneamh ar a ghnólacht féin a chur ar bun - siopa caifé agus ceapairí ina bhaile dúchais. Chuala sé gur smaoineamh maith is ea cuideachta theoranta phríobháideach a chur ar bun.*

**2.** **(A)** Ainmnigh an earnáil thionsclaíoch inar chóir do ghnólact Sheáin a bheith i mbun oibre. (10 marc)

**(B)** Déan cur síos ar thrí shochar a bhaineann le cuideachta theoranta phríobháideach a bhunú. (15 marc)

**(C)** Rianaigh trí éifeacht a bhíonn ag gnó ar an ngeilleagar. (15 marc)

*Tá an fhiontraíocht áitiúil phobail tábhachtach don ngeilleagar áitiúil.*

**(D)** Mínigh **trí** shochar a bhaineann le fiontraíocht áitiúil phobail. (15 marc)

**(E)** Ainmnigh **dhá** ghníomhaireacht a thugann cabhair d'fhiontraíocht áitiúil phobail agus rianaigh an ról atá ag ceann **amháin** díobh (20 marc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ**

## Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta

### Ceist 3

**3.** **(A)** Mínigh an chiall atá le gnólacht 'dúchasach'. (10 marc)

**(B)** Rianaigh **dhá** chúis atá le forbairt chomhlachtaí trasnáisiúnta. (10 marc)

**(C)** Sainmhínigh an téarma 'príobháidiú' agus rianaigh **dhá** shochar a bhaineann le fiontar stáit a phríobháidiú. (20 marc)

**(D)** Déan cur síos ar thrí bhealach ar chuidigh Teicneolaíocht Eolais agus Chumarsáide (ICT) le Trádáil Idirnáisiúnta. Bain úsáid as samplaí i do fhreagra. (15 marc)

**(E)** Rianaigh **dhá** dheis agus **dhá** dhúshlán atá ag comhlachtaí Éireannacha atá gafa le trádáil idirnáisiúnta. (20 marc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ**

# Cuid 2

## Bainistíocht 1

### Ceist 4

*Léigh an t-eolas a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*


*Is í Gearóidín Ní Dháibhis an S.B. (M.D.) atá ar Fhoilsitheoireacht BP Teo. a bhfuil foireann 15 duine lánaimseartha agus 3 páirtaimseartha aige. Tuigeann Gearóidín an tábhacht atá le dea-cheannaireacht agus le hinspreagadh chun a dheimhniú go bhfuil na hoibrithe sásta san ionad oibre.*

**4.** **(A)** Cad dó a seasann na litreacha S.B. (M.D.)? (5 marc)

**(B)** Ainmnigh **dhá** chineál cinnireachta agus mínigh ceann **amháin** díobh. (15 marc)

**(C)** Cóipeáil an léaráid seo de thosaíochtaí riachtanas Mazlow i do leabhar freagraí. Liostaigh leibhéil 1, 2 agus 3 agus mínigh ceann amháin díobh seo. (20 marc)

**Tosaíochtaí Riachtanas Mazlow**




**(D)** Déan cur síos ar Theoiric X **nó** ar Theoiric Y ag McGregor. (15 marc)

**(E)** Mínigh cad is brí le "Cumhachtú Fostaithe"agus rianaigh **dhá** shochar a bhaineann le cumhachtú.
(20 marc)
**(75 marc)**

## Fiontraíocht/Bainistíocht

### Ceist 5

*Léigh an t-eolas a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

*Chuir Seán de Faoite, leictreoir cáilithe, a shiopa díolachán agus deisiúchán leictreach féin ar bun i Luimneach trí bliana ó shin. Tá ag éirí go han-mhaith leis an ngnó. Tá triúr cúntóirí díolacháin fostaithe aige anois agus cheannaigh sé veain le déanaí chun rogha a thabhairt dá chustaiméirí earraí a bhailiú agus a sheachadadh ar ais. Tá an Faoiteach ag cuimhneamh ar a ghnó a mhéadú agus an dara siopa a oscailt i mbaile eile fiche míle ó láthair.*

**5.** **(A)** Is fiontraí é an Faoiteach. Mínigh cad is brí leis seo agus rianaigh **dhá** cháilíocht de chuid an fhiontraí. (15 marc)

**(B)** Déan cur síos ar **thrí** chineál árachais is cóir don Fhaoiteach a bheith aige ina ghnó. (15 marc)

**(C)** Déan cur síos ar **dhá** cháin a chaithfeadh an Faoiteach a íoc. (10 marc)

**(D)** Ainmnigh **trí** fhoinse airgeadais ar bhonn fadtréimhseach a d'fhéadfadh an Faoiteach a úsáid chun an dara siopa a mhaoinú agus mínigh ceann **amháin** díobh. (20 marc)

**(E)** Mínigh an téarma 'Measúnú Feidhmiúcháin'. (15 marc)
**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ**

## Gnó i nGníomh

### Ceist 6

*Léigh an t-eolas a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

*Is í Helen Ní Mhurchú Bainisteoir Margaíochta Sláinte Teo.,comhlacht a dhéanann agus a dháileann bianna agus breiseáin sláinte ar fud na hÉireann. Tá taighde allamuigh agus taighde deisce déanta ag rannóg T&F (R&D) an chomhlachta, agus tuigeann Helen an tábhacht atá le fógraíocht agus le tionscnamh díolacháin chun an sciar den mhargadh atá ag an gcomhlacht a mhéadú.*

**6.** **(A)** Mínigh an téarma T&F (R&D). (5 mharc)

**(B)** Mínigh na téarmaí 'taighde allamuigh' agus 'taighde deisce' agus úsáid sampla chun gach freagra díobh a léiriú. (20 marc)

**(C)** Rianaigh **trí** chineál meán fógraíochta ab fhéidir a úsáid chun díolacháin táirgí Sláinte Teo. a mhéadú. (15 marc)

**(D)** Rianaigh **trí** thionscnamh díolacháin ab fhéidir a úsáid chun táirgí Sláinte Teo. a chur chun cinn. (15 marc)

**(E)** Mínigh an téarma 'ainm branda' agus rianaigh **trí** shochar do ghnó a bhaineann le hainmneacha branda a úsáid. (20 marc)

**(75 marc)**

## Bainistíocht 2/Gnó i nGníomh

### Ceist 7

*Léigh an t-eolas a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

*Tá cuntas reatha ag Troscán agus Cairpéid Mhuintir Bhrádaigh Teo sa bhanc áitiúil. Ceann de na sochair a bhaineann leis an gcuntas reatha ná rótharraingt bhainc.*

**7.** **(A)** Cad é rótharraingt bhainc? (10 marc)

**(B)** Mínigh cén fáth a n-ullmhódh gnólacht nó teaghlach Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid. (10 marc)

**(C)** Rianaigh dhá fhoinse airgeadais atá comónta do ghnólacht agus do theaghlach agus mínigh ceann **amháin** díobh. (15 marc)

*Tá an t-eolas airgeadais seo a leanas ar fáil ón gcuntasóir atá ag Troscán agus Cairpéid Mhuintir Bhrádaigh Teo.*

| | **2002** | **2001** |
|---|---|---|
| **Clár Comhardaithe - Sliocht** | **€** | **€** |
| Sócmhainní Reatha | 200,000 | 180,000 |
| Fiachais Reatha | 100,000 | 120,000 |
| Caipiteal In Úsáid | 500,000 | 500,000 |
| **Cuntais Bhrabúis agus Chaillteanais Trádála - Sliocht** | | |
| Brabús Glan | 50,000 | 40,000 |

**(D)** Ríomh an Cóimheas Chaipiteal Oibre do 2001 agus 2002.
(Taispeáin na foirmlí agus do chuid oibríochtaí ar fad) (25 marc)

**(E)** Ríomh an Toradh ar Chaipiteal in úsáid do 2001 agus 2002.
(Taispeáin na foirmlí agus do chuid oibríochtaí ar fad) (15 marc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ**

**Gnó i nGníomh**

**Ceist 8**

*Léigh an t-eolas a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

*Tá céim i Staidéar Gnó díreach faighte ag Máire de Búrca ón gcoláiste. Ba mhaith leis a gnó féin mar thrádálaí aonair a bhunú agus tá sí ag iarraidh deiseanna agus smaointe a aithint do tháirge nó do sheirbhís nua.*

**8.** **(A)** Rianaigh na buntáistí a bhaineann le gnó mar thrádálaí aonair. (10 marc)

**(B)** Luaigh **trí** fhoinse a bhféadfadh Máire tarraingt astu le haghaidh smaointe nua dá gnó. (15 marc)

**(C)** Déan léaráid Timthriall Beatha Táirge a dhréachtadh agus a lipéadú. (20 marc)

*Cuid de na céimeanna i bPróiseas Forbartha Táirge/Seirbhíse Nua is ea Scagadh Táirge, Forbairt Choincheapa agus Forbairt Fréamhshamhla.*

**(D)** Mínigh dhá cheann ar bith de na céimeana atá liostaithe thuas. (20 marc)

**(E)** Mínigh an téarma Jabtháirgeadh agus úsáid sampla chun do fhreagra a léiriú. (10 marc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ**